Taithí Teaghlach agus iad ag Lorg Tacaíochta le Ceart a Bhaint den Úsáid Hearóine

(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dhéanamh ag:

Dr Carmel Duggan ó *WRC Social and Economic Consultants* Teo *(WRCsec)*, cuideachta thaighde agus chomhairliúcháin neamhspleách, thar ceann an CCND.

Aidhm:

Ba iad príomhchuspóirí an staidéir ná tuiscint níos mó a fhorbairt maidir leis na bealaí go mbaineann teaghlaigh, atá ag baint cirt den úsáid hearóine, leas as seirbhísí tacaíochta; scrúdú a dhéanamh ar thaithí teaghlach a lorgaíonn tacaíocht chun déileáil le fadhbanna drugaí laistigh dá dteaghlach; na cineálacha seirbhísí a dtéann teaghlaigh i dteagmháil leo a mheasúnú chomh maith leis; agus an bhfreagairt a fuair siad agus cineál na tacaíochta a tugadh.

Modh:

Agus modheolaíocht cháilíochtúil á húsáid, rinneadh agallaimh leis an bpríomhchúramóir in 30 teaghlach agus forlíonadh iad sin le hagallaimh leis an dara duine den teaghlach i seacht gcás. Mná ab ea fiche duine den 37 agallaí. Roghnaíodh trí limistéar ionas go soláthrófaí faisnéis ó pheirspictíocht uirbeach, fho-uirbeach agus chúigeach. Rinneadh an obair allamuigh idir Lúnasa agus Samhain 2005. Bhí go leor de na teaghlaigh ag baint cirt den úsáid hearóine sa teaghlach le roinnt mhaith blianta, ach is le déanaí a bhí taithí ag teaghlaigh eile air. San áireamh leis na ceisteanna bhí: cén tacaíocht a lorg an teaghlach, agus cá háit? Cén tacaíocht óna bhfuair siad an cúnamh ba mhó/ba lú? Cérbh iad na bacainní a bhí rompu agus iad ag lorg tacaíochta agus céard a chabhródh le daoine sa teaghlach ceart a bhaint den fhadhb?

Príomhthorthaí:

- Chuir easpa faisnéise agus feasachta na dteaghlach bac orthu a aithint go raibh fadhb ó thaobh drugaí ann, ach oiread lena ngá le gníomhú le haghaidh a thabhairt air, go luath sa scéal agus fadhb ag duine den teaghlach maidir leis an úsáid a bhaineann siad as drugaí
- Nuair a tuigeadh dóibh go raibh fadhb ann, is minic a chuir an t-easpa faisnéise seo, in éineacht le náire a bhraith siad, bac ar theaghlaigh an gá le tacaíocht sheachtrach a fheiceáil, rud a d'fhág gur fhéach siad le déileáil leis an bhfadhb iad féin
- Nuair a thosaigh siad ag lorg tacaíochta ó ghníomhaireachtaí lasmuigh, is minic go ndeachaigh teaghlaigh chuig gníomhaireachtaí nó soláthraithe ar dtús nár shainghníomhaireachtaí nó sainsoláthraithe iad
- Nuair a chuaigh siad i dteagmháil leis na sainseirbhísí ar deireadh, d'fhág an t-easpa leanúnach faisnéise/oideachais, na seirbhísí a bheith ina bpíosaí anseo is ansiúd agus an t-easpa comhtháthaithe trasna na seirbhísí seo gur chuir an tasc ó thaobh sainchúram a lorg agus a bheith ag idirghníomhú leis na sainghníomhaireachtaí le hualach an chúraim ar theaghlaigh uaireanta, seachas é a mhaolú
- Níor athraigh an bhail seo ar chúrsaí do theaghlaigh ach nuair a thosaigh siad ag foghlaim faoi thréithe na faidhbe a bhí idir lámha acu, faoi bhealaí níos éifeachtaí le fadhb na húsáide hearóine a bhainistiú agus faoina ngá le díriú ar a bhfolláine féin ag am céanna
- Nuair a réitíodh an fhadhb hearóine féin, ba mhinic a fuair teaghlaigh amach go raibh orthu déileáil leis na himpleachtaí fadtéarmacha iad féin (lena n-áirítear aire a thabhairt do leanaí a raibh Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna nó HIV agus Heipitíteas C orthu, clann clainne a thógáil, an faitíos go n-athiompóidh an duine ar dhrugaí, saincheisteanna ó thaobh dífhostaíochta agus fadhbanna éagsúla eile ar féidir a cheangal le hiar-fhadhbúsáideoirí drugaí)
- Fuair go leor daoine de theaghlaigh an t-am agus an fuinneamh le húsáid a bhaint as an saineolas a bhí faighte acu in imeacht na mblianta le rud éigin a thabhairt ar ais dá bpobail trí pháirt a ghlacadh i ngrúpaí tacaíochta teaghlaigh faoi stiúir phiaraí
- Tá an claonadh ann gan dóthain aitheantais a thabhairt do ról an teaghlaigh laistigh den chóras cóireála maidir le bheith ag tacú leis an téarnamh agus don ról a d'fhéadfadh an teaghlach a imirt le hobair na n-ionad cóireála a atreisiú.

Bunaithe ar na príomhthorthaí thuas, aithnítear seacht gcéim sa phróiseas a dtéann teaghlaigh tríd de ghnáth agus iad ag idirghníomhú agus ag baint cirt den úsáid drugaí: 1) mearbhall, aineolas agus á shéanadh; 2) ag baint cirt de ina n-aonar; 3) ag lorg cúnaimh le teann éadóchais; 4) foghlaim le tacaíocht; 5) an teaghlach a tharraingt ar ais; 6) ag tacú le hathshlánúchán; 7) ag déanamh a gcion. Téann an teaghlach tríd na céimeanna seo mar íospartach, mar chúramóir agus mar ghníomhaire téarnaimh.

In aineoinn a fhorleithne is a bhí an taighde, is údar iontais a mhéid is a bhí na torthaí ag teacht lena chéile. Cé go mbíonn na fadhbanna a mbíonn teaghlaigh úsáideoirí hearóine in Éirinn thíos leo cosúil leo siúd a aithníodh sa taighde idirnáisiúnta – cúrsaí sláinte, airgeadais, sóisialta agus coimhlint nó deacrachtaí teaghlaigh – bíonn an bealach a d'idirghníomhaigh siad leis an bhfadhb difriúil. Léiríonn sé seo ár gcultúr, a infhaighte is a bhíonn seirbhísí agus an teacht a bhíonn ag daoine ar sheirbhísí, a bhíonn ina bpíosaí anseo is ansiúd sách minic.

Moltaí an CCND don Rialtas:

1. Ról an teaghlaigh sa phróiseas cóireála, athshlánúcháin agus téarnaimh a áireamh mar ní luachmhar
2. Caithfear riachtanais na dteaghlach mar íospartaigh, chúramóirí agus ghníomhairí an athraithe a aithint agus seirbhísí /sain-idirghabhálacha cuí a sholáthar
3. Ba chóir go mbeadh faisnéis faoi raon na seirbhísí tacaíochta, conas ceart a bhaint den scéal srl. ar fáil do gach teaghlach atá thíos le saincheisteanna drugaí. Lena chois sin, ba chóir go mbeadh teaghlaigh nasctha le hoibrí buntábhachtach, rud a chabhródh leis na teaghlaigh déileáil le raon na ngníomhaireachtaí a bhíonn i gceist
4. Comhlacht náisiúnta a bhunú do líonraí tacaíochta teaghlaigh agus do ghrúpaí tacaíochta teaghlaigh atá ag baint cirt den fhadhbúsáid drugaí. Dhéanfadh an comhlacht seo maoirseacht ar an gcleachtas is fearr freisin ó thaobh thacaíocht teaghlaigh a sholáthar.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie